

Gaeilge Iorrais

LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA MAIGH EO THUaidH

Cuireadh chun Tairisceana

**Iniúchadh ar Staid na Gaeilge
i Limistéir Phleanála Teanga (LPT)**

Mhaigh Eo Thuaidh

a ullmhú don cheanneagraíocht

**Gaeilge Iorrais
f/ch Chomharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim Teo.,
An Eachléim,
An Fód Dubh,
Co. Mhaigh Eo**

Spriocdháta: Dé hAoine, 24ú Meitheamh 2016, 5.00i.n.

Cúlra

Cuireann Acht na Gaeltachta 2012 an creatlach reachtúil ar fáil chun tabhairt faoin phróiseas pleanála teanga ar bhonn comhordaithe. Táthar ag súil go mbeidh an pobal, an earnáil dheonach, an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach ag obair as lámha a chéile chun tacú leis an Ghaeilge sna ceantair éagsúla a bheidh aitheanta faoin Acht. Is trí phleananna teanga a ullmhú agus a fheidhmiú ag leibhéal an phobail a thabharfar tacaíocht don Ghaeilge mar theanga pobail agus teaghlaigh i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair eile taobh amuigh den Ghaeltacht.

Is é an cuspóir a bheidh ag na pleananna teanga ná cur le húsáid na Gaeilge sna ceantair lena mbaineann siad chomh fada is a bhaineann sé le cúrsaí teaghlaigh, pobail, oideachais, sóisialta, gnó agus poiblí. Ag éirí as Acht na Gaeltachta 2012, tá sainmhíniú nua ar an Ghaeltacht atá ag brath ar limistéir phleanála teanga seachas ar limistéir thíreolaíoch. Thug Údarás na Gaeltachta cuireadh d’eagraíochtaí agus do ghrúpaí pobail iarratas a dhéanamh le bheith ina Ceanneagraíocht ar Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Mhaigh Eo Thuaidh.

Tar éis próiseas measúnaithe ar na hiarratais, roghnaíodh Gaeilge Iorrais, f/ch Chomarchumann Forbartha Ionad Deirbhíle Eachléim Teoranta. Tá sé mar chúram ar an Ceanneagraíocht plean teanga a ullmhú taobh istigh de 2 bhliain.

Tá ionadaí / ionadaithe ó na coistí / grúpaí / eagrais a leanas ar an gCoiste:

- Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhíle Eachléim Teo. – Paróiste na Cille Móire
- Comhar Dún Chaocháin Teo. – Paróiste Chill Chomáin
- Seirbhísí Cúram Chill Chomáin – Paróiste Chill Chomáin
- Comharchumann Forbartha Cill tSéadhna – Paróiste Chill tSéadhna
- Áras Inis Gluaire – Paróiste Bhéal an Mhuirthead
- Paróiste Béal Deirg



Comhordaitheoir Pleanála Teanga don Limistéar Pleanála Teanga Mhaigh Eo Thuaidh

Tá Gaeilge Iorrais, f/ch Chomharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim Teo. ag lorg tairiscintí ó eagrais nó ó dhaoine aonair a bheas in ann seirbhís a chur ar fáil ag comhordú tionscnamh pleanála teanga sa Limistéar Pleanála Teanga, Mhaigh Eo Thuaidh.

Bheadh sé i gceist go mbeadh an té nó an grúpa a fhostófaí ag obair faoi stiúir Coiste Gaeilge Iorrais. Theastódh go mbeadh an duine/grúpa in ann comhordú a dhéanamh ar an tionscnamh pleanála teanga ó thús go deireadh agus plean teanga a réiteach do cheantar LPT Mhaigh Eo Thuaidh i gcomhpháirtíocht leis an bpobal.

Tréimhse Ama

Táthar ag súil go gcuirfidh an forthairgeoir an obair seo i gcrích taobh istigh de thréimhse 15 mhí ón dáta ar shíníodh an chonradh leis an Cheanneagraíocht.

Cuspóirí an Taisc

Is é cuspóir an tionscadail taighde seo ná measúnú a dhéanamh ar staid reatha na teanga agus ar iompar teanga an phobail / ar mheon agus mianta an phobail i leith na Gaeilge san LPT. Is iad seo a leanas téarmaí tagartha an tionscnaimh:

- Iompar teanga agus meoin na ndaoine i leith na Gaeilge a scrúdú
- Tuiscint mhaith a fháil ar staid reatha na teanga agus ar an phobal
- Bunlíne a aithint ar a dtomhaisfear dul chin cinn le linn tréimhse ullmhaithe agus tréimhse chur i bhfeidhm an phlean.

Modheolaíocht

Moltar go mbreathnófaí ar an mhodh oibre seo a leanas ach is féidir le forthairgeoirí dóigheanna eile a mholadh má mheastar go bhfuil siad níos bailí, níos éifeachtaí ó thaobh costas de nó níos fusa a chur i gcrích:

- Iniúchadh ar iompar teanga na ndaoine sa bhaile, i gnóthaí áitiúla agus sa saol sóisialta.

D'fhéadfaí sonrú a dhéanamh ar na modhanna taighde atá an coiste ag iarraidh go mbainfí úsáid astu mar chuid den taighde

Modhanna measctha;

- modhanna cainníochtúil - staitisticí daonáirimh, taighde SCT, suirbhéanna.
- modhanna cáilíochtúil – agallaimh, grúpaí fócais
- Anailís ar chumas teanga an phobail.
- Grúpaí fócais / cruinnithe comhairliúcháin le páirtithe leasmhara
- Próiseas comhairliúcháin poiblí (ag tús an phróisis, ina lár agus ag a dheireadh le cinntiú go mbeidh an oiread rannpháirteachas pobail sa phróiseas agus is féidir)
- Mionanailís agus mionmheastóireacht ar an eolas a bailíodh
- Roghanna agus moltaí straitéiseacha ag éirí as an anailís.
- Moltaí maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn

Ba chóir go mbeadh an t-eolas a leanas, ar a laghad, sa tuarascáil ar thoradh an taighde:

- **Achoimre Fheidhmeach**
- **Modheolaíocht**
- **Prionsabail agus Cuspóirí an Taighde** – ráiteas gonta a bheas ina threoir do chur i bhfeidhm an taighde
- **Próiseas comhairliúcháin poiblí agus rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara** – cur chuige féaráilte a úsáid, modh roghnaithe rannpháirtithe, modh anailíse, clásal rúndachta a mhíniú do na rannpháirtithe agus na páirtithe leasmhara.
- **Aithint na hIdirghábhála** – an próiseas faoinár aithníodh idirghábháil agus an dóigh gur cuireadh in ord tosaíochta chur i bhfeidhm iad. Leag amach achoimrí mionsonraithe de thionscnaimh atá curtha in ord tosaíochta, tionscnaimh atá praiticiúil, indéanta agus intomhaiste.
- **Amchlár agus Cur i bhfeidhm** - sceideal na dtionscnamh atá sonraithe lena n-áireofar gar-spriocanna, sprioc dhátaí agus réimse cúram / freagrachta na bpáirtithe leasmhara.
- **Costas agus Buiséad** – Costas / buiséad measta do chur i bhfeidhm na dtionscnamh atá aitheanta sa phlean. Ba chóir foinsí maoinithe atá ann cheana féin agus / nó foinsí úra a aithint. Ba chóir moltaí a dhéanamh maidir le ceangal maoinithe le grúpaí áitiúla nó gníomhaireachtaí Stáit.
- **Monatóireacht** – moltaí maidir le próiseas oiriúnach i leith monatóireacht leanúnach

CRITÉIR MHEASÚNAITHE

CRITÉIR OIRIÚNACHTA (PAS/ TEIP)

1) Taithí Ábhartha

Ní mór d'fhorthairgeoirí a léiriú go bhfuil an taithí seo a leanas acu:

- cur síos a dhéanamh ar a ról i gcur i gcrích dhá thionscnamh ábhartha ag léiriú a c(h)uid taithí i bpleanáil teanga agus i bhforbairt pobail.
- taighde a dhéanamh;
- ceistneoirí a dhearadh;
- grúpaí fócais a stiúradh;
- tuairiscí ar thaighde a scríobh;
- áisitheoireacht a dhéanamh.

2) Dearbhú maidir le Líofacht Gaeilge

Ní mór d'fhorthairgeoirí léiriú go bhfuil sé ar a gcumas an cineál seo oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

3) Dearbhú maidir le: Alt 45

Ní foláir d'fhorthairgeoirí an dearbhú maidir le hAlt 45 atá in Aguisín A den doiciméad seo a chomhlánú agus a shíniú.

4) Tréithe phearsantachta nó scileanna riachtanach

Ní mór go mbeadh an t-iarratasóir in ann

- oibriú as a stuaim féin;
- scileanna riaracháin, cumarsáide, idirphearsanta a thaispeáint;
- leas a bhaint as pacáistí ríomhaireachta éagsúla.
- Gaeilge scríofa cruinn;
- cáilíocht sa bPleanáil Teanga;
- ceadúnas tiomána;

Ní mór d'fhorthairgeoirí a thógáil san áireamh go mbeidh na critéir mheasúnaithe sonraithe thuas cáilithe ar bhunús pas/teip. Má theipeann ar fhorthairgeoir i dtaca le (1) go (4), is féidir leis seo an t-iarratas a neamh-incháiliú faoi choinne mionmheasunú.

CRITÉIR BHRONNTA

Bronnfar an conradh ar an tairiscint is buntáistiúla go heacnamúil a fritheadh de réir na gcritéar bronnta a leanas:

CRITÉAR

A	Tuiscint léirithe ar an tasc, cur chuige soiléir, céimneach leagtha amach ins an tairiscint agus in agallamh leis an Coiste Oibre	55%
B	Costas / Praghas	35%
C	Moltaí breis luacha	10%

Leagan Amach na Tairisceana

Tugtar cuireadh do pháirtithe a bhfuil spéis acu dul i mbun na hoibre seo, togra mionshonraithe a chloíonn le téarmaí tagartha an tionscadail a chur faoi bhráid na Ceanneagraíochta:

- Ainm, seoladh, uimhir ghutháin agus seoladh ríomhphoist an fhorthairgeora agus ainm an té i ngó an fhorthairgeora a bheas ag plé leis an ábhar.
- Ainm, seoladh, uimhir ghutháin agus seoladh ríomhphoist aon tríú páirtí agus ainm an té i ngó an tríú páirtí a bheas ag plé leis an ábhar.
- Ábhar tionscadail sonraithe / cur síos ar an chur chuige / tuiscint léirithe ar an tasc, céimneach leagtha amach leis an tasc a chur i gcrích
- Cur síos ar ról nó ar an chuid sin den chonradh a bheas á chomhlíonadh ag aon tríú páirtí
- An páirtí a bheas freagrach as an chonradh ina iomláine a aithint
- Sonraí maidir le cáilíochtaí agus taithí agus cuntas teiste chomh maith le Curriculum Vitae do gach duine a bheas bainteach leis an obair
- Ráiteas costais, ina mbeidh táillí, costais taistil, agus costais ar bith eile curtha san áireamh chomh maith le CBL, más infheidhmithe.
- Aon eolas ábhartha eile

Le Iarratas a Dhéanamh

Ba chóir go gcuirfí trí chruachóip i gclúdach séalaithe, isteach chuig;

Gaeilge Iorrais, f/ch Chomharchumann Forbartha Ionad Deirbhile Eachléim Teo, An Eachléim, An Fód Dubh, Co. Mhaigh Eo.

Ba chóir go mbeadh “**Tairiscint Taighde**” scríofa go soiléir ar aghaidh an chlúdaigh.

Seol iarratais mar aon le CV chuig gaeilgeiniorras@gmail.com roimh **5:00i.n ar an 24ú Meitheamh 2016**. Ní ghlacfar le haon iarratas i ndiaidh an spriocdháta.

Beidh gearrliosta roghnaithe ag deireadh Mí Iúil le go mbeidh na hagallaimh leis an gCoiste i mí Lunasa / Meán Fómhair 2016.

Ba chóir aon cheisteanna a bhaineann leis an tairiscint a thógáil le:

Jacqui D. Uí Mhonacháin
Gaeilge Iorrais
f/ch CFID
An Eachléim
An Fód Dubh
097-85727
gaeilgeiniorras@gmail.com

Aguisín A

DEARBHÚ MAIDIR LE HALT 45

NÍ FOLÁIR DO GACH FHORTHAIRGEOIRÍ AN DEARBHÚ SEO A CHOMHLÁNÚ AGUS A SHÍNIÚ

Ainm an Fhorthairgeora: _____

Seoladh: _____

Cuir tic Tá nó Níl faoi mar is cuí leis na ráitis seo a leanas maidir le stádas reatha d'eagraíochta.

- (1) Tá an Tairgeoir féimhithe nó á fhoirceannadh nó tá a ghnóthaí á riaradh ag an gcúirt nó tá socrú déanta aige le creidiúnaithe nó tá gníomhaíochtaí an ghnó ar fionraí nó táthar in aon riocht ar aon dul leo ag éirí as imeachtaí den chineál céanna faoi dhlíthe agus rialacháin náisiúnta.
- Tá [] Níl []**
- (2) Tá an Tairgeoir faoi réir imeachtaí as ucht féimhithe a fhógairt, as ucht ordaithe fhoirceannaidh éigeantaigh nó a bheith riartha ag an gcúirt nó as ucht socrú a bheith déanta le creidiúnaithe nó as ucht aon imeachtaí den chineál céanna faoi dhlíthe agus rialacháin náisiúnta.
- Tá [] Níl []**
- (3) Ciontaíodh an Tairgeoir, Stiúrthóir nó Comhpháirtí as cion a bhain lena (h)iompar proifisiúnta trí bhreithiúnas a mbeadh feidhm res judicata aige nó é/í ciontach as trom-mhí-iompar gairmiúil agus é/í i mbun a ngnó.
- Tá [] Níl []**
- (4) Ní dhearna an Tairgeoir a (h)oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le híocaíochtaí cánach nó leasa shóisialaigh in Éirinn nó ina aon Stát eile ina bhfuil an tairgeoir lonnaithe.
- Tá [] Níl []**
- (5) Fuarthas an Tairgeoir, Stiúrthóir nó Comhpháirtí ciontach i gcalaois.
- Tá [] Níl []**
- (6) Fuarthas an Tairgeoir, Stiúrthóir nó Comhpháirtí ciontach i sciúradh airgid.
- Tá [] Níl []**
- (7) Fuarthas an Tairgeoir, Stiúrthóir nó Comhpháirtí ciontach i gcaimiléireacht.
- Tá [] Níl []**

(8) Ciontaíodh an Tairgeoir, Stiúrthóir nó Comhpháirtí as ucht ballraíochta d’eagraíocht choiriúil.

Tá [] Níl []

(9) Tá an Tairgeoir ciontach i mífhaisnéis thromchúiseach agus faisnéis á sholáthar aige/aici do ghníomhaireacht ceannacháin phoiblí.

Tá [] Níl []

(10) Bheartaigh Tairgeoir mífhaisnéis d’aon ghnó a thabhairt ar a f(h)aisnéis Sláinte & Sábháilteachta, ar a fhaisnéis Dearbhaithe Cáilíochta, nó ar aon fhaisnéis eile a bhainfeadh leis an iarratas seo.

Tá [] Níl []

NÍ MÓR D’OIFIGEACH, ÚDARAITHE GO CUÍ, DE CHUID EAGRAÍOCHT AN IARRTHÓRA, AN FHOIRM SEO A CHOMHSHLÁNÚ AGUS A SHÍNIÚ

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas a tugadh thuas cruinn agus iomlán chomh fada le mo chuid eolais agus de réir mar a chreidim. Tuigim má sholáthraítear eolas míchruinn nó míthreorach sa dearbhú seo go bhféadfadh go bhfágfaí m’eagraíocht ar lár ar rannpháirtíocht sa tairiscint seo agus aon tairiscint a bheadh ann sa todhchaí.

Síniú		Dáta	
Ainm		Teileafón	
Post		Ríomhphost	